2025/1441 23.7.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1441 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Iúil 2025**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas, lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia [1], agus go háirithe Airteagal 53(1), pointe (b)(ii), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle [2], agus go háirithe Airteagal 47(2), an chéad fhomhír, pointe (b), agus Airteagal 54(4), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b) agus Airteagal 90, an chéad mhír, pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún [3], leagtar síos rialacha maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí bia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad a theacht isteach san Aontas ó thríú tíortha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus maidir le forchur coinníollacha speisialta lena rialaítear teacht isteach coinsíneachtaí bia agus beatha áirithe san Aontas ó thríú tíortha áirithe mar gheall ar an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicídí, éilliú micribhitheolaíoch, ruaimeanna na Súdáine agus tocsainí plandaí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(2) Leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 oibleagáid an Choimisiúin i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ag eatraimh thráthrialta nach faide ná 6 mhí ar na liostaí a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, chun faisnéis nua a bhaineann le rioscaí do shláinte an duine agus le neamhchomhlíonadh a chur san áireamh. Áirítear san fhaisnéis nua sin na sonraí a eascraíonn as fógraí a fhaightear tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, chomh maith le sonraí agus faisnéis faoi choinsíneachtaí agus torthaí na seiceálacha doiciméadacha, céannachta agus fisiceacha arna ndéanamh ag na Ballstáit agus arna gcur in iúl don Choimisiún.

(1) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj.
(2) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.
(3) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1793/oj).

(3) Léirítear i bhfógraí a fuarthas le déanaí tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe go bhfuil riosca tromchúiseach ann, bíodh sin díreach nó indíreach, do shláinte an duine a thagann ó bhia nó ó bheatha áirithe. Ina theannta sin, léirítear le rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit sa dara seimeastar in 2024 ar bhia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad gur cheart na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú chun sláinte an duine a chosaint san Aontas.

(4) Thairis sin, tá gníomhartha dlí áirithe dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 aisghairthe. Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do na gníomhartha dlí sin a thabhairt cothrom le dáta, agus ba cheart an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú dá réir.

(5) Níl aon tráchtearra liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó pheinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha a bhaineann leis na héilleáin sin in Airteagail 3 agus 10 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin a scriosadh.

(6) In Airteagal 9(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 déantar foráil maidir le maolú ar Airteagal 9(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Níor cheart an maolú sin a theorannú do thráchtearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó mhíceatocsainí. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 9(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1793 a leasú dá réir sin.

(7) Maidir le coinsíneachtaí de pháiseoga cumhra agus páiseoga (*Passiflora ligularis* agus *Passiflora edulis*) ón gColóim, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin a thagann isteach san Aontas a mhéadú go 20 % in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(8) Maidir le coinsíneachtaí de dhuilleoga fíniúna ón Éigipt, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin a thagann isteach san Aontas a mhéadú go 50 % in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(9) Maidir le coinsíneachtaí mangónna (*Mangifera indica*) ón Éigipt, léirítear i sonraí ó fhógraí RASFF agus i bhfaisnéis faoi rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ag teacht chun cinn do shláinte an duine, mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le teacht isteach an tráchtearra sin ón Éigipt. Dá bhrí sin, ba cheart an tráchtearra sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 20 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(10) Ó bhí mí na Nollag 2019 ann, tá méadú tagtha ar leibhéal na rialuithe oifigiúla ar phiobair den ghéineas *Piper*, torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta* atá triomaithe nó brúite nó meilte, sinséar, cróch, tuirmiric, tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile ón Aetóip, agus tá siad curtha faoi réir coinníollacha speisialta ar a dteacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó aflatocsainí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Tá fianaise i dtorthaí na rialuithe sin nach bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na mbia-ábhar sin san Aontas. Dá réir sin, ní gá leanúint d'fhoráil a dhéanamh go bhfuil deimhniú oifigiúil le bheith ag gabháil le gach coinsíneacht, deimhniú lena sonraítear go léirítear le torthaí uile na samplála agus na hanailíse go bhfuil na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais á gcomhlíonadh. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit leanúint de rialuithe a dhéanamh chun a áirithiú go gcoinneofar an leibhéal comhlíontachta atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, na hiontrálacha maidir le piobair den ghéineas *Piper*, torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta* atá triomaithe nó brúite nó meilte, sinséar, cróch, tuirmiric, tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile ón Aetóip i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, ba cheart iad a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 30 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas, i bhfianaise an lín coinsíneachtaí le blianta beaga anuas.

(11) Maidir le coinsíneachtaí de ghurd buidéil (*Lagenaria siceraria*) ón India, léirítear i sonraí ó fhógraí RASFF agus i bhfaisnéis faoi rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ag teacht chun cinn do shláinte an duine, mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le teacht isteach an tráchtearra sin ón India. Dá bhrí sin, ba cheart an tráchtearra sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 20 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(12) Maidir le coinsíneachtaí de phónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata ssp*. *unguiculata*) ó Shrí Lanca, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin a thagann isteach san Aontas a mhéadú go 30 % in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(13) Maidir le coinsíneachtaí de tahini agus halva ó shíolta *Sesamum* ón tSiria, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó *Salmonella* le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin a thagann isteach san Aontas a mhéadú go 30 % in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(14) Ó bhí mí Eanáir 2022 ann tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar sheadóga ón Tuirc mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil feabhas tagtha ar chomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, cé go bhfuil leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla iomchuí go fóill, níl údar a thuilleadh leis an leibhéal 20 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas i gcás an tráchtearra sin, agus ba cheart minicíocht na rialuithe a laghdú go 10 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(15) Maidir le coinsíneachtaí trátaí (*Solanum lycopersicum* L.) ón Tuirc, léirítear i sonraí ó fhógraí RASFF agus i bhfaisnéis faoi rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ag teacht chun cinn do shláinte an duine, mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí. Dá bhrí sin, is gá leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla a cheangal maidir le teacht isteach an tráchtearra sin ón Tuirc. Dá bhrí sin, ba cheart an tráchtearra sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 20 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(16) Ó bhí mhí Eanáir 2022 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar thorthaí ón gcrann *moringa (Moringa oleifera*) ón India mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ar an tráchtearra sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna rialuithe sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach an tráchtearra sin san Aontas. Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta i ndáil le hallmhairiú torthaí ón gcrann *moringa* (*Moringa oleifera*) ón India, sa bhreis ar an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Go sonrach, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le gach coinsíneacht de thorthaí ón gcrann *moringa* (*Moringa oleifera*) ón India lena sonraítear go léirítear le torthaí uile na samplála agus na n-anailísí go bhfuil ceanglais an Aontais á gcomhlíonadh. Ba cheart torthaí na samplála agus na n-anailísí a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le torthaí ón gcrann *moringa* (*Moringa oleifera*) ón Inidia in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 30 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(17) Ó bhí mí Iúil 2022 ann, tá méadú tagtha ar an leibhéal rialuithe oifigiúla ar phónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis, Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón India mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí. Léirítear leis na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ar an tráchtearra sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna rialuithe sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach an tráchtearra sin san Aontas. Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta i ndáil le hallmhairiú pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis, Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón India, sa bhreis ar an leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla. Go sonrach, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le gach coinsíneacht de phónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis, Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón India lena sonraítear go léirítear le torthaí uile na samplála agus na n-anailísí go bhfuil ceanglais an Aontais á gcomhlíonadh. Ba cheart torthaí na samplála agus na n-anailísí a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil maidir le pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis, Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón India in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus a aistriú go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 50 % de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas, i bhfianaise an lín coinsíneachtaí le blianta beaga anuas.

(18) Maidir le figí triomaithe agus meascáin agus táirgí a thairgtear ó fhigí triomaithe ón Tuirc, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó aflatocsainí le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin isteach san Aontas a mhéadú go 30 % in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(19) Ina theannta sin, maidir le coinsíneachta d'fhigí triomaithe agus meascáin agus táirgí a thairgtear ó fhigí triomaithe ón Tuirc, léirítear i sonraí ó fhógraí RASFF agus i bhfaisnéis faoi rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua ag teacht chun cinn do shláinte an duine, mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó Ócratocsain A. Ós rud é gur míceatocsainí iad aflatocsainí agus Ócratocsain A a mbaineann rioscaí comhchosúla leo do shláinte an duine agus ós rud é go bhfuil an leibhéal neamhchomhlíontachta leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó aflatocsainí agus ó Ócratocsain A cosúil le chéile, is iomchuí an ghuais bhreise, is é sin Ócratocsain A, a chur san áireamh i gcás coinsíneachtaí d'fhigí triomaithe agus meascáin agus táirgí a tháirgtear ó fhigí triomaithe ón Tuirc in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus leibhéal minicíochta na seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 30 % de na coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas.

(20) Maidir le coinsíneachtaí de shíolta cuimín ón Tuirc, braitheadh ráta ard neamhchomhlíontachta i ndáil leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais maidir le héilliú ó alcalóidigh phioróilisidín le linn rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 7 agus 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha atá le déanamh ar na coinsíneachtaí sin isteach san Aontas a mhéadú go 50 % in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

(21) Thairis sin, tá gníomhartha dlí áirithe dá dtagraítear sa deimhniú oifigiúil caighdeánach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 aisghairthe. Dá bhrí sin, na tagairtí do na gníomhartha dlí sin dá dtagraítear sa deimhniú oifigiúil caighdeánach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta dá réir.

(22) Chun go bhféadfaí ráthaíochtaí a sholáthar le haghaidh tráchtearraí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 agus atá faoi réir coinníollacha speisialta maidir le teacht isteach san Aontas mar gheall ar riosca éillithe ó na míceatocsainí 'aflatocsainí' agus 'Ócratocsain A', ba cheart pointe II.2.1 den deimhniú oifigiúil caighdeánach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú dá réir.

(23) Ina theannta sin, ós rud é nach liostaítear aon tráchtearra faoi láthair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 mar gheall ar éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó pheinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí, is iomchuí pointe II.2.3 den deimhniú oifigiúil caighdeánach a scriosadh in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(24) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí a seoladh cheana ón tír thionscnaimh nó ó thríú tír eile, i gcás nach ionann an tír sin agus an tír thionscnaimh, nuair a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse 2 mhí le haghaidh coinsíneachtaí de thorthaí ón gcrann *moringa* (*Moringa oleifera*) agus pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón India, nach ngabhann torthaí na samplála ná na n-anailísí ná aon deimhniú oifigiúil leo. Le linn na hidirthréimhse sin, áirithítear cosaint na sláinte poiblí le haghaidh na gcoinsíneachtaí sin, ós rud é go ndéantar seiceálacha céannachta agus fisiceacha orthu le haghaidh i gcás torthaí ón gcrann *moringa* (*Moringa oleifera*) ag minicíocht 30 % agus i gcás pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ag minicíocht 50 %, ar a dteacht isteach san Aontas.

(25) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1793 a leasú dá réir sin.

(26) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) i gcás bia a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II mar gheall ar an riosca éillithe a d'fhéadfadh a bheith ann ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, déanfar an tsampláil agus na hanailísí i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 ón gCoimisiún (*);

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2782 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 (IO L, 2023/2782, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2782/oj).’;

(b) scriostar pointe (d);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) cuirfear na modhanna samplála agus anailíse dá dtagraítear sna fonótaí a ghabhann le hIarscríbhinní I agus II i bhfeidhm i ndáil le guaiseacha seachas na guaiseacha dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (e).’;

(2) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. De mhaolú ar mhír 2, i gcás coinsíneacht ina gcomhcheanglaítear pacáistí beaga éagsúla sa mhála nó sa phacáistíocht, is leor cód aitheantais na coinsíneachta a lua ar an mála nó ar an bpacáistíocht lena gcomhcheanglaítear na pacáistí beaga sin.’;

(3) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) comhlíonadh Rialachán (AE) 2023/915 (*) ón gCoimisiún agus Threoir 2002/32 maidir le huasleibhéil míceatocsainí ábhartha, le haghaidh coinsíneachtaí bia agus beatha a liostaítear in Iarscríbhinn II mar gheall ar an riosca éillithe ó mhíceatocsainí agus ó thocsainí plandaí.

(*) Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj).’;

(ii) scriostar pointe (c);

(b) scriostar mír 3;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

**Idirthréimhse**

Maidir le coinsíneachtaí de torthaí ón gcrann *moringa* (*Moringa oleifera*) agus pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*) ón India, a seoladh chuig an Aontas ón tír thionscnamh, nó ó thríú tír eile i gcás nach ionann an tír sin agus an tír thionscnaimh, roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1441 (*), féadfaidh siad teacht isteach san Aontas go dtí an 12 Deireadh Fómhair 2025 gan torthaí na samplála ná na n-anailísí ná aon deimhniú oifigiúil dá bhforáiltear in Airteagail 10 agus 11 a bheith ag gabháil leo.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1441 an 18 Iúil 2025 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025, 23.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1441/oj);'

(5) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I agus II;

(6) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

*'IARSCRÍBHINN I*

**Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus ag pointí rialaithe**

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **An Asarbaiseáin (AZ)** | — Collchnónna (*Corylus* sp.), iad sa bhlaosc | 0802 21 00 | | Aflatocsainí | 20 |
| | | — Collchnónna (*Corylus* sp.), iad scilligthe | 0802 22 00 | | | |
| | | — Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna | ex 0813 50 39 | **70** | | |
| | | | ex 0813 50 91 | **70** | | |
| | | | ex 0813 50 99 | **70** | | |
| | | — Taos collchnónna | ex 2007 10 10 | **70** | | |
| | | | ex 2007 10 99 | **40** | | |
| | | | ex 2007 99 39 | **05; 06** | | |
| | | | ex 2007 99 50 | **33** | | |
| | | | ex 2007 99 97 | **23** | | |
| | | — Collchnónna, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin | ex 2008 19 12 | **30** | | |
| | | | ex 2008 19 19 | **30** | | |
| | | | ex 2008 19 92 | **30** | | |
| | | | ex 2008 19 95 | **20** | | |
| | | | ex 2008 19 99 | **30** | | |
| | | | ex 2008 97 12 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 14 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 16 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 18 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 32 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 34 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 36 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 38 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 51 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 59 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 72 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 74 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 76 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 78 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 92 | **15** | | |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | ex 2008 97 93 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 94 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 96 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 97 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 98 | **15** | | |
| | | — Plúr, min agus púdar collchnónna | ex 1106 30 90 | **40** | | |
| | | — Ola collchnónna | ex 1515 90 99 | **20** | | |
| | | ***(Bia)*** | | | | |
| 2 | **An Bhanglaidéis (BD)** | Pónairí búcha (*Lablab purpureus*) ***(Bia)*** | ex 0708 90 00 | **30** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| | | Ciotróin (Citrus medica) (*Citrus medica*) ***(Bia)*** | ex 0805 90 00 | **20** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| 3 | **Buircíne Fasó (BF)** | Ubhthorthaí (*Solanum aethiopicum*) ***(Bia)*** | ex 0709 30 00 | **70** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| 4 | **an Cósta Eabhair (CI)** | Ola pailme ***(Bia)*** | 1511 10 90 | | Ruaimeanna na Súdáine ([14]) | 20 |
| | | | 1511 90 11 | | | |
| | | | ex 1511 90 19 | **90** | | |
| | | | 1511 90 99 | | | |
| 5 | **An tSín (CN)** | — Piseanna talún, iad sa bhlaosc | 1202 41 00 | | Aflatocsainí | 10 |
| | | — Piseanna talún, scilligthe | 1202 42 00 | | | |
| | | — Im piseanna talún | 2008 11 10 | | | |
| | | — Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile | 2008 11 91 | | | |
| | | | 2008 11 96 | | | |
| | | | 2008 11 98 | | | |
| | | — Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, de thoradh ola piseanna talún a eastóscadh | 2305 00 00 | | | |
| | | — Plúr piseanna talún agus min piseanna talún | ex 1208 90 00 | **20** | | |
| | | — Taos piseanna talún | ex 2007 10 10 | **80** | | |
| | | ***(Bia agus beatha)*** | ex 2007 10 99 | **50** | | |
| | | | ex 2007 99 39 | **07; 08** | | |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Piobair mhilse (*Capsicum annuum*)<br>***(Bia – brúite nó meilte)*** | ex 0904 22 00 | **11** | *Salmonella* ([4]) | 10 |
| | | Tae, bíodh sé blaistithe nó ná bíodh<br>***(Bia)*** | 0902 | | Iarmhair lotnaid-icídí ([3]) ([5]) | 20 |
| 6 | **An Cholóim (CO)** | Páiseoga cumhra agus páiseoga (*Passiflora ligularis* agus *Passiflora edulis*)<br>***(Bia)*** | ex 0810 90 20<br>ex 0810 90 20 | **40**<br>**50** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| 7 | **An Phoblacht Dhoiminiceach (DO)** | — Piobair mhilse (*Capsicum annuum*)<br>— Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse)<br>***(Bia – úr, fuaraithe nó reoite)*** | 0709 60 10<br>0710 80 51<br>ex 0709 60 99<br>ex 0710 80 59 | <br><br>**20**<br>**20** | Iarmhair lotnaid-icídí ([3]) ([16]) | 50 |
| 8 | **An Éigipt (EG)** | — Piobair mhilse (*Capsicum annuum*)<br>— Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse)<br>***(Bia – úr, fuaraithe nó reoite)*** | 0709 60 10<br>0710 80 51<br>ex 0709 60 99<br>ex 0710 80 59 | <br><br>**20**<br>**20** | Iarmhair lotnaid-icídí ([3]) ([6]) | 30 |
| | | Oráistí<br>***(Bia – úr nó triomaithe)*** | 0805 10 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| | | Úll scuamósa (*Annona squamosa*)<br>***(Bia – úr nó fuaraithe)*** | ex 0810 90 75 | **20** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| | | Duilleoga fíniúna<br>***(Bia)*** | ex 2008 99 99<br>ex 2008 99 99 | **11**<br>**19** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 50 |
| | | Mangó (*Mangifera indica*)<br>***(Bia)*** | ex 0804 50 00 | **40** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| 9 | **An Aetóip (ET)** | Síolta *Sesamum*<br>***(Bia)*** | 1207 40 90<br>ex 2008 19 19<br>ex 2008 19 99 | <br>**49**<br>**49** | *Salmonella* ([2]) | 50 |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | — Piobair den ghéineas *Piper*; torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta* atá triomaithe nó brúite nó meilte | 0904 | | Aflatocsainí | 30 |
| | | — Sinséar, cróch, tuirmiric (curcuma), tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile<br>***(Bia — spíosraí triomaithe)*** | 0910 | | | |
| 10 | **An tSeoirsia (GE)** | — Collchnónna (*Corylus* sp.), iad sa bhlaosc | 0802 21 00 | | Aflatocsainí | 20 |
| | | — Collchnónna (*Corylus* sp.), iad scilligthe | 0802 22 00 | | | |
| | | — Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna | ex 0813 50 39 | **70** | | |
| | | | ex 0813 50 91 | **70** | | |
| | | | ex 0813 50 99 | **70** | | |
| | | — Taos collchnónna | ex 2007 10 10 | **70** | | |
| | | | ex 2007 10 99 | **40** | | |
| | | | ex 2007 99 39 | **05; 06** | | |
| | | | ex 2007 99 50 | **33** | | |
| | | | ex 2007 99 97 | **23** | | |
| | | — Collchnónna, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin | ex 2008 19 12 | **30** | | |
| | | | ex 2008 19 19 | **30** | | |
| | | | ex 2008 19 92 | **30** | | |
| | | | ex 2008 19 95 | **20** | | |
| | | | ex 2008 19 99 | **30** | | |
| | | | ex 2008 97 12 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 14 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 16 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 18 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 32 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 34 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 36 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 38 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 51 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 59 | **15** | | |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | ex 2008 97 72 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 74 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 76 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 78 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 92 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 93 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 94 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 96 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 97 | **15** | | |
| | | | ex 2008 97 98 | **15** | | |
| | | — Plúr, min agus púdar collchnónna | ex 1106 30 90 | **40** | | |
| | | — Ola collchnónna | ex 1515 90 99 | **20** | | |
| | | ***(Bia)*** | | | | |
| 11 | **Gána (GH)** | — Piseanna talún, iad sa bhlaosc | 1202 41 00 | | Aflatocsainí | 50 |
| | | — Piseanna talún, scilligthe | 1202 42 00 | | | |
| | | — Im piseanna talún | 2008 11 10 | | | |
| | | — Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin | 2008 11 91 | | | |
| | | | 2008 11 96 | | | |
| | | | 2008 11 98 | | | |
| | | | ex 2008 19 12 | **40** | | |
| | | | ex 2008 19 19 | **50** | | |
| | | | ex 2008 19 92 | **40** | | |
| | | | ex 2008 19 95 | **40** | | |
| | | | ex 2008 19 99 | **50** | | |
| | | — Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, de thoradh ola piseanna talún a eastóscadh | 2305 00 00 | | | |
| | | — Plúr piseanna talún agus min piseanna talún | ex 1208 90 00 | **20** | | |
| | | — Taos piseanna talún | ex 2007 10 10 | **80** | | |
| | | ***(Bia agus beatha)*** | ex 2007 10 99 | **50** | | |
| | | | ex 2007 99 39 | **07; 08** | | |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 12 | **Iosrael (IL)** ([15]) | Basal (*Ocimum basilicum*)<br>***(Bia)*** | ex 1211 90 86 | **20** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 10 |
| 13 | **An India (IN)** | Duilleoga beitil (*Piper betle L.*)<br>***(Bia)*** | ex 1404 90 00 ([11]) | **10** | *Salmonella* ([4]) | 50 |
| | | Ocra<br>***(Bia – úr, fuaraithe nó reoite)*** | ex 0709 99 90<br>ex 0710 80 95 | **20**<br>**30** | Iarmhair lotnaid-icídí ([3]) ([7]) ([13]) | 30 |
| | | Rís<br>***(Bia)*** | 1006 | | Aflatocsainí agus Ócratocsain A | 5 |
| | | | | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 10 |
| | | Guábha (*Psidium guajava*)<br>***(Bia)*** | ex 0804 50 00 | **30** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 30 |
| | | Noitmig (*Myristica fragrans*)<br>***(Bia - spíosraí triomaithe)*** | 0908 11 00<br>0908 12 00 | | Aflatocsainí | 30 |
| | | Piobair den ghéineas *Capsicum* (piobair mhilse nó piobair seachas piobair mhilse)<br>***(Bia — triomaithe, rósta, brúite nó meilte)*** | 0904 21 10<br>ex 0904 22 00<br>ex 0904 21 90<br>ex 2005 99 10<br>ex 2005 99 80 | <br>**11; 19**<br>**20**<br>**10; 90**<br>**94** | Aflatocsainí | 10 |
| | | — Síolta cuimín<br>— Síolta cuimín, iad brúite nó meilte<br>***(Bia)*** | 0909 31 00<br>0909 32 00 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 30 |
| | | Meascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste nó guma guair<br>***(Bia)*** | ex 2106 90 92<br>ex 2106 90 98<br>ex 3824 99 93<br>ex 3824 99 96 | | Iarmhair lotnaidicídí ([13]) | 20 |
| | | Fanaile<br>***(Bia - spíosraí triomaithe)*** | 0905 | | Iarmhair lotnaidicídí ([13]) | 20 |
| | | Clóibh (an toradh iomlán, na clóibh agus na gais)<br>***(Bia - spíosraí triomaithe)*** | 0907 | | Iarmhair lotnaidicídí ([13]) | 20 |
| | | Gurd buidéil (*Lagenaria siceraria*)<br>***((Bia – úr agus fuaraithe)*** | ex 0709 93 90 | **10** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 14 | **An Chéinia (KE)** | Pónairí (*Vigna* spp., *Phaseolus* spp.)<br>***(Bia – úr nó fuaraithe)*** | 0708 20 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 10 |
| | | Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse)<br>***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)*** | ex 0709 60 99<br>ex 0710 80 59 | **20**<br>**20** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| 15 | **An Liobáin (LB)** | Tornapaí (*Brassica rapa* ssp. *rapa*)<br>***(Bia — ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach)*** | ex 2001 90 97 | **11; 19** | Ródaimín B ([12]) | 50 |
| | | Tornapaí (*Brassica rapa* ssp. *rapa*)<br>***(Bia — ullmhaithe nó leasaithe le sáile nó le haigéad citreach, gan bheith reoite)*** | ex 2005 99 80 | **93** | Ródaimín B ([12]) | 50 |
| 16 | **Srí Lanca (LK)** | Mukunuwenna (*Alternanthera sessilis*)<br>***(Bia)*** | ex 0709 99 90 | **35** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 50 |
| | | Pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* ssp. *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata* ssp. *unguiculata*)<br>***(Bia - glasraí úra, fuaraithe nó reoite reoite)*** | ex 0708 20 00<br>ex 0710 22 00 | **10**<br>**10** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 30 |
| | | Piobair den ghéineas *Capsicum* (piobair mhilse nó piobair seachas piobair mhilse)<br>***(Bia - triomaithe, rósta, brúite nó meilte)*** | 0904 21 10<br>ex 0904 21 90<br>ex 0904 22 00<br>ex 2005 99 10<br>ex 2005 99 80 | <br>**20**<br>**11; 19**<br>**10; 90**<br>**94** | Aflatocsainí | 50 |
| 17 | **Madagascar (MG)** | Pónairí dúshúileacha (*Vigna unguiculata*)<br>***(Bia)*** | 0713 35 00 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 50 |
| 18 | **Meicsiceo (MX)** | Papá glas (*Carica papaya*)<br>***(Bia – úr agus fuaraithe)*** | 0807 20 00 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| 19 | **An Mhalaeisia (MY)** | Seacaí (*Artocarpus heterophyllus*)<br>***(Bia – úr)*** | ex 0810 90 20 | **20** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 50 |
| | | Meascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste<br>***(Bia)*** | ex 2106 90 92<br>ex 2106 90 98<br>ex 3824 99 93<br>ex 3824 99 96 | | Iarmhair lotnaidicídí ([13]) | 30 |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 | **An Phacastáin (PK)** | Meascáin spíosraí<br>***(Bia)*** | 0910 91 10<br>0910 91 90 | | Aflatocsainí | 30 |
| | | Rís<br>***(Bia)*** | 1006 | | Aflatocsainí agus Ócratocsain A | 10 |
| | | | | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 10 |
| 21 | **Ruanda (RW)** | Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse)<br>***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)*** | ex 0709 60 99<br>ex 0710 80 59 | **20**<br>**20** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 30 |
| 22 | **An tSiria (SY)** | Tahini agus halva ó shíolta *Sesamum*<br>***(Bia)*** | ex 1704 90 99<br>ex 1806 20 95<br>ex 1806 90 50<br>ex 1806 90 60<br>ex 2008 19 19<br>ex 2008 19 99 | **12; 92**<br>**13; 93**<br>**10**<br>**11; 91**<br>**41**<br>**41** | *Salmonella* ([2]) | 30 |
| 23 | **An Téalainn (TH)** | Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse)<br>***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)*** | ex 0709 60 99<br>ex 0710 80 59 | **20**<br>**20** | Iarmhair lotnaid-icídí ([3]) ([8]) | 30 |
| | | Páiseoga cumhra agus páiseoga (*Passiflora ligularis* agus *Passiflora edulis*)<br>***(Bia – úr )*** | ex 0810 90 20<br>ex 0810 90 20 | **40**<br>**50** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 10 |
| 24 | **An Tuirc (TR)** | Líomóidí (*Citrus limon, Citrus limonum*)<br>(***Bia - úr, reoite nó triomaithe***) | 0805 50 10 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 30 |
| | | Seadóga<br>***(Bia)*** | 0805 40 00 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 10 |
| | | Pomagránaití<br>***(Bia - úr nó fuaraithe)*** | ex 0810 90 75 | **30** | Iarmhair lotnaid-icídí ([3]) ([9]) | 30 |
| | | — Piobair mhilse (*Capsicum annuum*)<br>— Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse)<br>***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)*** | 0709 60 10<br>0710 80 51<br>ex 0709 60 99<br>ex 0710 80 59 | <br><br>**20**<br>**20** | Iarmhair lotnaid-icídí ([3]) ([10]) | 20 |
| | | Oragán triomaithe<br>***(Bia)*** | ex 1211 90 86 | **40** | Alcalóidigh phioróilisidín | 30 |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Síolta *Sesamum*<br>***(Bia)*** | 1207 40 90<br>ex 2008 19 19<br>ex 2008 19 99 | <br>**49**<br>**49** | *Salmonella* ([2]) | 20 |
| | | Meascáin de bhreiseáin bhia ina bhfuil guma pónairí lócaiste<br>***(Bia)*** | ex 2106 90 92<br>ex 2106 90 98<br>ex 3824 99 93<br>ex 3824 99 96 | | Iarmhair lotnaidicídí ([13]) | 30 |
| | | Trátaí (*Solanum lycopersicum* L.)<br>***(Bia - glasraí úra, fuaraithe nó reoite )*** | 0702 00 00<br>0710 80 70 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |
| 25 | **Uganda (UG)** | Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas piobair mhilse)<br>***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)*** | ex 0709 60 99<br>ex 0710 80 59 | **20**<br>**20** | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 50 |
| 26 | **Na Stáit Aontaithe (US)** | — Piseanna talún, iad sa bhlaosc<br>— Piseanna talún, scilligthe<br>— Im piseanna talún<br>— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile<br>— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, de thoradh ola piseanna talún a eastóscadh<br>— Plúr piseanna talún agus min piseanna talún<br>— Taos piseanna talún<br>***(Bia agus beatha*)** | 1202 41 00<br>1202 42 00<br>2008 11 10<br>2008 11 91<br>2008 11 96<br>2008 11 98<br>2305 00 00<br>ex 1208 90 00<br>ex 2007 10 10<br>ex 2007 10 99<br>ex 2007 99 39 | <br><br><br><br><br><br><br>**20**<br>**80**<br>**50**<br>**07; 08** | Aflatocsainí | 20 |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 27 | **Vítneam (VN)** | Dúraíoch (*Durio zibethinus*)<br>***(Bia – úr nó fuaraithe)*** | 0810 60 00 | | Iarmhair lotnaidicídí ([3]) | 20 |

([1]) I gcás nach bhfuil ceanglas ann scrúdú a dhéanamh ach ar tháirgí áirithe faoi aon chód AC, marcáiltear an cód AC sin le 'ex'.

([2]) Déanfar an tsampláil agus na hanailísí i gcomhréir leis na nósanna imeachta samplála agus leis na modhanna tagartha anailíseacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, pointe 1(a).

([3]) Iarmhair na lotnaidicídí sin ar a laghad a liostaítear sa chlár rialaithe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj) ar féidir anailís a dhéanamh orthu le modhanna il-iarmhair atá bunaithe ar GC-MS agus ar LC-MS (lotnaidicídí nach bhfuil faireachán le déanamh orthu ach i dtáirgí de bhunadh plandaí/ar tháirgí de bhunadh plandaí).

([4]) Déanfar an tsampláil agus na hanailísí i gcomhréir leis na nósanna imeachta samplála agus leis na modhanna tagartha anailíseacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, pointe 1(b).

([5]) Iarmhair Thoilfeinpiorad.

([6]) Iarmhair Dhéchófóil (suim d'isiméirí p, p' agus o, p'), Dhéiníteafúráin, Foilpéid, Phróclóras (suim de phróclóras agus a mheitibilítí ina bhfuil an pháirt 2,4,6-tríchlóraifeanól arna sloinneadh mar phróclóras), Thiafanáit-meitile agus Thrífhóirín.

([7]) Iarmhair Dhé-aifeintiaúróin.

([8]) Iarmhair Foirmeiteanáite (suim d'fhoirmeiteanáit agus a salainn arna sloinneadh mar fhoirmeiteanáit (hidreaclóiríd)), Phróitiafos agus Thrífhoirín.

([9]) Iarmhair Phróclórais.

([10]) Iarmhair Dhé-aifeintiaúróin, Foirmeiteanáite (suim d'fhoirmeiteanáite agus a salainn arna sloinneadh mar fhoirmeiteanáit (hidreaclóiríd)), agus Thiafanáit-meitile.

([11]) Bia-ábhair ina bhfuil duilleoga beitil (*Piper betle*) nó atá comhdhéanta díobh, lena n-áirítear na bia-ábhair a dhearbhaítear faoi chód AC 1404 90 00, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo.

([12]) Chun críche na hIarscríbhinne seo, beidh iarmhair Ródaimín B, agus úsáid á baint as modh anailíse le LOQ, níos ísle ná 0,1 mg/kg.

([13]) Iarmhair Ocsaíde Eitiléine (suim d'ocsaíd eitiléine agus 2-clóireatánól arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine). I gcás breiseáin bhia, is é 0.1 mg/kg (teorainn cainníochtaithe (LOQ)) an t-uasleibhéal iarmhar (MRL) is infheidhme. Toirmeasc ar Ocsaíd Eitiléine a úsáid dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos na sonraíochtaí maidir le breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj).

([14]) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is do na substaintí ceimiceacha seo a leanas a thagraíonn 'ruaimeanna na Súdáine': (i) Súdáin I (Uimhir CAS 842-07-9); (ii) Súdáin II (Uimhir CAS 3118-97-6); )iii) Súdáin III (Uimhir CAS 85-86-9); (iv) Dearg Scarlóideach nó Súdáin IV (Uimhir CAS 85-83-6). Beidh iarmhair ruaimeanna na Súdáine, agus úsáid á baint as modh anailíse le LOQ, níos ísle ná 0,5 mg/kg).

([15]) Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha faoi riar Stát Iosrael tar éis an 5 Meitheamh 1967, is é sin Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

([16]) Iarmhair Aicéafáite.

*IARSCRÍBHINN II*

**Bia agus beatha ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir coinníollacha speisialta maidir le haghaidh teacht isteach san Aontas mar gheall ar an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicídí, éilliú micribhitheolaíoch, ruaimeanna na Súdáine agus tocsainí plandaí**

1. **Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b)(i)**

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **An Bhanglaidéis (BD)** | Bia-ábhair ina bhfuil duilleoga beitil (*Piper betle*) nó atá comhdhéanta díobh ***(Bia)*** | ex 1404 90 00 ([8]) | **10** | *Salmonella* ([5]) | 50 |
| 2 | **An Bholaiv (BO)** | — Piseanna talún, iad sa bhlaosc | 1202 41 00 | | Aflatocsainí | 50 |
| | | — Piseanna talún, scilligthe | 1202 42 00 | | | |
| | | — Im piseanna talún | 2008 11 10 | | | |
| | | — Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin | 2008 11 91 | | | |
| | | | 2008 11 96 | | | |
| | | | 2008 11 98 | | | |
| | | | ex 2008 19 12 | **40** | | |
| | | | ex 2008 19 19 | **50** | | |
| | | | ex 2008 19 92 | **40** | | |
| | | | ex 2008 19 95 | **40** | | |
| | | | ex 2008 19 99 | **50** | | |
| | | — Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, de thoradh ola piseanna talún a eastóscadh | 2305 00 00 | | | |
| | | — Plúr piseanna talún agus min piseanna talún | ex 1208 90 00 | **20** | | |
| | | — Taos piseanna talún | ex 2007 10 10 | **80** | | |
| | | ***(Bia agus beatha)*** | ex 2007 10 99 | **50** | | |
| | | | ex 2007 99 39 | **07; 08** | | |
| 3 | **An Bhrasaíl (BR)** | Piobar dubh (*Piper nigrum*) ***(Bia – nach bhfuil brúite ná meilte)*** | ex 0904 11 00 | **10** | *Salmonella* ([2]) | 50 |
| 4 | **An tSín (CN)** | Guma xantáin ***(Bia agus beatha)*** | ex 3913 90 00 | **40** | Iarmhair lotnaidicídí ([9]) | 20 |

| Sraith | Tír thionscnaimh | Bia agus beatha (úsáid bheartaithe) | Cód AC ([1]) | Foroinn TARIC | Guais | Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|
